Raifteirí is na Cleamairí

Bhí seó speisialta eagraithe ag Cleamairí Locha Riach i mbliana agus d'éirigh go hiontach leo le linn tréimhse na Nollag. Bhí taispeántas breá bríomhar acu ina raibh damhsa de gach sórt ann. Bhí idir dhrámaíocht, amhránaíocht, scéalaíocht, siamsaíocht, craic is ceol sa taispeántas a léirigh siad.
Bhí an seó bunaithe ar Raifteirí sa chomharsanacht agus dírithe ar na tréithe éagsúla bainte leis an fhile aitheanta. Ar ndóigh, file ildánach a bhí i Raifteirí agus díreodh ar na tréithe uile bainte leis an charachtar taistealach atá go mór i mbéal an phobail go fóill ar chúiseanna éagsúla; réabhlóideach, rógaire a bhí tugtha don ól is do mhná, ceoltóir, amhránaí agus file cumasach.
Chuaigh na Cleamairí ar camchuairt thart ar na tithe tabhairne i mBaile Locha Riach thar thréimhse na Nollag agus cuairt speisialta ar Otharlann Naomh Breandáin chomh maith. Ghlac siad páirt i bhFéile na gCleamairí i gCnoc Breac, Co.na Gaillimhe chomh maith. Seachtar déag a bhí ar fhoireann na gCleamairí i mbliana. Thug na moltóirí aitheantas ar leith do Bríd Uí Ghiobáin as an dán a d'aithris sí. Tá iarratas faighte ag na Cleamairí Locha Riach taispeántais eile a léiriú do ghrúpaí eile i rith na bliana. Is cosúil nach miste le Cleamairí Locha Riach a bheith ag pleidhcíocht fud fad na bliana!

Cuid de '*Cleamairí Locha Riach*' i ndiaidh seó na Nollag a dhéanamh.
Sa phictiúir (ar chúl) Richard Allen, Ollie Moroney, Daniel Hynes, Orla agus Niamh Ní Fhathaigh.
(chun tosaigh) Laura Hynes, Julianne is Emma Harte mar aon le Máire Ní Cheallaigh Stiobhaird.

Mummers Play
http://en.wikipedia.org/wiki/Mummers_Play